Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2017

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

## Spáinnis

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

# GNÁTHLEIBHÉAL

# SPÁINNIS 2017

# SCÉIM MHARCÁLA

| GRÁDÚ | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| O1: | 288 - 320 | O2: | 256 - 287 | O3: | 224 - 255 | O4: | 192 - 223 |
| O5: | 160 - 191 | O6: | 128 - 159 | O7: | 96 - 127 | O8: | 0 - 95 |

**Socruithe Réasúnta: Tabhair ar aird le do thoil na leasuithe ar an Scéim Mharcála i Roinn B, Ceist 2 (a) agus (b), inar deonaíodh tarscaoileadh ar dhaltaí maidir le litriú nó inar deonaíodh agus baineadh úsáid as téipthaifeadán, scríobhaí nó as ríomhaire atá cumasaithe i dtaobh litriú de.**

**TABHAIR AR AIRD LE DO THOIL:**
***Agus an scéim mharcála á léamh is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:***
Léiríonn **tulslais /** roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir glacadh le freagraí le tulslais eatarthu mar fhreagraí éagsúla, mar sin.
Léiríonn **dais –** roimh fhreagra go bhfuil an freagra ina fhreagra ar leith, agus gur féidir é a mheas mar fhreagra neamhspleách ar aon fhreagra molta eile ar an gceist.
Léiríonn **lúibíní cruinne ( )** ábhar nach meastar a bheith riachtanach chun marcanna iomlána a bhaint amach.
Taispeánann **lúibíní cearnógacha [ ]** miondealú ar mharcanna laistigh den cheist nó tugann siad soiléiriú breise ar na marcanna atá le bronnadh as freagraí áirithe ar an gceist sin.

**N.B. Maidir le gach Roinn den scrúdú níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagraí ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le freagraí atá comhchiallach nó coibhéiseach leo sin ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.**

*Agus an scéim mharcála á forbairt, ba chóir aird a thabhairt ar an méid seo a leanas:*
- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil an t-eolas agus na smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*
- *Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.*
- *Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.*
- *Ní mór focail, leaganacha cainte nó frásaí a úsáid i gceart agus i gcomhthéacs, agus ní féidir iad a bhréagnú, agus sa chás go bhfuil fianaise ar úsáid mhícheart nó ar bhréagnú, níl cead na marcanna a bhronnadh.*

**Feagairt trí Ghaeilge: Bónas**
Gnáthráta: 5% den Iomlán

| Marc | Bónas | Marc | Bónas | Marc | Bónas |
|---|---|---|---|---|---|
| 241-246 | 11 | 274 - 280 | 6 | 307 - 313 | 1 |
| 247 - 253 | 10 | 281 - 286 | 5 | 314 - 320 | 0 |
| 254 - 260 | 9 | 287 - 293 | 4 | | |
| 261 - 266 | 8 | 294 - 300 | 3 | | |
| 267 - 273 | 7 | 301 - 306 | 2 | | |

**1. Anuncio – FIESTAS ESPAÑOLAS**

**4+2+4 mharc = 10 marc**

a. I ngach sráidbhaile beag **(4m)**

b. **Ceann amháin** díobh seo: bíonn siad ar siúl lasmuigh, bíonn ceol nó tinte ealaíne mar chuid díobh, is deis iontach iad meon na Spáinne a ligean saor **(2m)**

c. Turasóirí **(4m)**

**2. Diálogo – HABLANDO DE UN INTERCAMBIO EN ESPAÑA**

**4+ (8+2) + (4 + 4) mharc = 22 marc**

a. tar éis laethanta saoire na Nollag **(4m)**

b. Matamaitic agus Eolaíocht **(8+2m)**

c. **Dhá cheann** díobh seo: uibheagáin prátaí/Spáinneacha, paella, stobhaigh, anraithí, gazpacho **(4+4 m)**

**3. Diálogo – PEPE VA A UNA FIESTA**

**(6+6) +2+2 mharc = 16 mharc**

a. léine agus seaicéad **(6+6m)**

b. an chistin **(2 m)**

c. thug siad deochanna agus tapas do / thug siad neart airde air. **(2m)**

**4. Descriptivo – LA VIDA UNIVERSITARIA**

**4+4+ (2+2) mharc = 12 mharc**

a. bheith in ann freastal ar do chuid staidéar agus ar do shaol sóisialta araon **(4m)**

b. **Aon cheann** díobh seo: staidéar a dhéanamh ar ábhair nua, taitneamh a bhaint as saol sóisialta, foghlaim conas maireachtáil le níos mó neamhspleáiche agus freagrachta **(4m)**

c. **Dhá cheann** díobh seo: bananaí, ispíní, rís. **(2+2m)**

**5. Descriptivo – VACACIONES PARA LA FAMILIA**

**2+6+2 mharc = 10 marc**

a. **Ceann amháin** díobh seo: eachtraíocht, suaimhneas/síocháin, am (deas) a chaitheamh leis an gclann **(2m)**

b. **Ceann amháin** díobh seo: eachtraíocht, ciliméadair de thránna, Port Aventura / páirc turasóra **(6m)**

c. sráidbhailte draíochtacha **(2m)**

**6. El tiempo**

**2 + (4+4) + 2 mharc = 12 mharc**

a. ceathanna agus gaotha láidre aduaidh **(2m)**

b. **Is airde:** 27 céim
**Íosmhéid:** 11 chéim **(4+4m)**

c. **Ceann amháin** díobh seo: an-te/bogthe, gaotha éadroma **(2m)**

**7. Una Noticia – LA LOCURA DE POKÉMON GO**

**4+2 + (6+6) mharc = 18 marc**

a. an 6 Iúil, an bhliain seo caite **(4m)**

b. **Ceann amháin** díobh seo: stáisiúin póilíní, músaeim, áiteanna stairiúla **(2m)**

c. **Dhá cheann** díobh seo: bialanna, caiféanna, óstáin **(6+6m)**

**10 + 22 + 16 + 12 + 10 + 12 + 18 = 100 marc**

## ROINN A (160 marc)

### Ceist 1. Un éxito cubano (50 marc)

Caithfear na freagraí uile a scríobh i **Spáinnis.**

Is féidir glacadh le hathscríobh (**ábhartha** agus laistigh de theorainneacha réasúnta).

Ní thástáiltear ionramháil teanga.

Ní ghearrtar pionós as earráidí sa litriú. *Glactar le focail idir lúibíní le haghaidh marc iomlán ach níl siad riachtanach do fhreagra ceart.* Bainfear marc de dheasca focail bhreise neamhábhartha. *Léiríonn tulslais rogha freagraí a d'fhéadfadh a bheith i gceist.* Bronn 5 nó 0 marc ach amháin má luaitear a mhalairt.

(a) *tres décadas / treinta años* **(5m)**

*(b)* *Carlos y sus diez hermanos crecieron en la pobreza de La Habana* **(5m)**

*(c)* *pensó que clases de ballet serían buenas para su disciplina* **(5m)**

*(d)* *su dedicación y disciplina a la danza* **(5m)**

*(e)* *la soledad/echaba de menos a su familia (en Cuba)* **(5m)**

*(f)* *Londres* **(5m)**

*(g)* *por su contribución a la danza* **(5m)**

*(h)* **Dhá cheann** díobh seo: *la revolución/ la independencia / la dictadura* **(5+5m)**

(i) **Ceann amháin** díobh seo: *Quiere volver a vivir en Cuba/ enseñar a una nueva generación de bailarines/ pasar más tiempo con su familia / quizás escribir otra novela* **(5m)**

### Ceist 2. El deporte de kitesurf (25 marc)

*(a)* Gaotha barrmhaithe don bhliain ar fad. **(5m)**

*(b)* De bharr an méid daoine spóirt as an Spáinn a raibh an bua acu i gcomórtais idirnáisiúnta. **(5m)**

*(c)* **Dhá cheann** díobh seo: Catalónach / rugadh sa Chatalóin í / Tarifa mar bhaile aici anois / tá 9 gcraobh dhomahnda aici / an curadh domhain is óige. **(5+5m)**

*(d)* (Seachas Tarifa) tá sé ar cheann de na háiteanna is fearr le surfáil eitleoige a dhéanamh **(5m)**

**Ceist 3. La Gran Armada emerge de las aguas de Sligo (20 marc)**

*(a)* Ag bun na farraige in aice le baile beag/an Ghráinseach sa Sligeach. **(5m)**

*(b)* Stoirmeacha uafásacha. **(5m)**

*(c)* Tá na canónacha á gcaomhnú ansin anois. **(5m)**

*(d)* Feachtas chun músaem buan a oscailte sa Ghráinseach agus é tiomnaithe don Armáid. **(5m)**

**Ceist 4. Cultura o crueldad (25 marc)**

*(a)* San iarnóin/tráthnóna an 8 Iúil 2016. **(5m)**

*(b)* **Trí cinn** díobh seo: uimhir 26 / Lorenzo a bhí air / 529 kg (ar meáchan) / rugadh i 2012 é / dubh **(3+3+1m)**

*(c)* (Beagnach) 25 milliún sa lucht féachana (i rith féilte tarbhchomhraic sa Spáinn) / níos mó ná méid amharclainne nó pictiúrlainne faoi dhó. / Tá tarbhchomhrac sa dara háit tar éis peile / déantar 1600 milliún euro. **(3m)**

*(d)* **Dhá cheann** díobh seo: Asturias / Canarias / Cataluña **(3+2m)**

*(e)* **Ceann amháin** díobh seo: léiríonn siad luachanna diúltacha sa tsochaí / is féidir leo drochthionchar a imirt ar fhorbairt shíceolaíocht páistí. **(5m)**

**Ceist 5. Un festival para Europa (40 marc)**

*(a)* **Dhá cheann** díobh seo:
Taispeánadh den chéad uair in 1959 é/is é an clár teilifíse is sine ar an domhan é / tá sé imithe i méid go mór ó cuireadh tús leis / glacann 43 tír páirt ann. **(5 + 5m)**

*(b)* Tá an modh vótála athraithe ó vótáil giúiré go vótáil teileafóin. **(5m)**

*(c)* Deirtear gur bealach níos córa é agus go bhfuil sé níos oiriúnaí do lucht féachana teilifíse. **(2m)**

*(d)* **Ceann amháin** díobh seo: ba é an chéad uair ar taispeánadh ar YouTube é / ba éan chéad uair ar taispeánadh beo i Stáit Aontaithe Mheiriceá é. **(5m)**

*(e)* Cúig huaire **(8m)**

*(f)* Ní raibh an bua acu le 47 mbliana **(5m)**

*(g)* Is amhránaí í **/** bhí sí ina hionadaí don Spáinn / chum sí a hamhrán i mBéarla / níor éirigh léi / roghnaigh sí stíl idirnáisiúnta. **(5m)**

# ROINN B (60 MARC)

Ní mór d'iarrthóirí tabhairt faoi:

1. **LITIR / R-PHOST** agus **ceann amháin de 2. (a) TEACHTAIREACHT nó 2 (b) IONTRÁIL DIALAINNE.**

**C. 1**. **LITIR:** **40 Marc**

Tá **cúig** phointe le cur in iúl.
Ceadaigh **8** marc ar a mhéad do gach ceann díobh.
(Is féidir 0-8 marc a bhronnadh as gach teachtaireacht.)

| | |
|---|---|
| **8 marc x 5 =** | **40 marc** |
| Teachtaireacht iomlán curtha in iúl go soiléir: | **8 marc** |
| Cur in iúl sásúil: | **6 mharc** |
| Cur in iúl dóthanach: | **5 mharc** |
| Tá an teachtaireacht sothuigthe / roinnt mionsonraí in easnamh: | **4 mharc** |
| Is féidir ciall éigin a bhaint aisti | **2 mharc** |

**C.2.(a) NÓTA** **Q.2.(b) IONTRÁIL DIALAINNE** **20 Marc**

Na marcanna le roinnt ar an tslí chéanna i ngach cás.

Tá **ceithre** phointe le cur in iúl. Ceadaigh **5** mharc ar a mhéad do gach ceann díobh.
(Is féidir 0-5 mharc a bhronnadh as gach 'teachtaireacht'.)

**5 mharc x 4 = 20 marc**

| | |
|---|---|
| Teachtaireacht curtha in iúl go hiomlán: | **5 mharc** |
| 'Éirim' na teachtaireachta soiléir | **4 mharc** |
| Cuid den teachtaireacht sothuigthe | **3 mharc** |
| Is féidir ciall éigin a bhaint aisti | **2 mharc** |

Socruithe Réasúnta:
Ina gcás sin dar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach: ní chuirtear na hasbhaintí thuas as struchtúir ghramadaí mhíchearta i bhfeidhm.
Ba chóir marcanna a bhronnadh as cur in iúl na teachtaireachta amháin mar atá leagtha amach thuas.

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán